**Lisnafunchin National School**
**Castlecomer**
**Co. Kilkenny**
**Tel: 0567767076**

# Gaeilge

## *Réamhráiteas*

Cuireadh an plean seo le chéile ag an lá pleanála bunaithe don Ghaeilge. Bhí an beirt múinteoirí ranga i lár. Bhí cuiditheoir i lár freisin.

## *Bunchúiseanna*

Chun go mbeadh leanúnas sa scoil -
Tá Curaclam athbhrithnithe le cur i bhfeidhm. Tá sé tábhachtach go mbeadh leanúnachas sa churaclam, ó rang go rang, agus go mbeadh an fhoireann aontaithe sa chur chuige

## *An Plean I gcomhtéacs na scoile seo*

Is scoil, beag, ilrang, dhá-mhúinteoir é Scoil Náisiúnta, Lisnafunchin. Tá suim ag na múinteoirí inár dteanga dúchais. Níl mórán ghaeilge sa cheantar seo, áfach.
Cuirimid béim ar cluichí Ghaeilge agus 'comhrá beirte' a dheanamh sna ranganna chun suim sa teanga a chothú inár ndaltaí

## *Príomhaidhmeanna*

1. Chun taitneamh a thabhairt do dhaltaí ag foghlaim Gaeilge agus an tslí sin suim sa Ghaeilge a spreagadh iontu.
2. Go mbeadh sé ar chumas na ndaltaí an Ghaeilge a chleachtadh mar mheán cumarsáide ar ábhair ina gcuireann siad féin suim.
3. Dearcadh dearfach i leith na Gaeilge agus spéis agus dúil inti a chothú .
4. Cumas léitheoireachta agus scríbhneoireachta, oiriúnach d'aois na páistí a chothú.
5. Bród a chothú iontu ina gcultúr – an ceol, an rince, an amhránaíocht ionas go mbeadh grá acu d'ár n-oidhreacht.

## *Cuspóirí Ginearálta*

1. Tá an béim sa scoil seo dírithe ar chumarsáid agus na scileanna teanga a fhorbairt i gcónaí trí chluasthuiscint, labhairt, léamhthuiscint agus scríbhneoireacht.
2. Is iad seo na modh is suntaisí ar féidir úsáid a bhaint astu: an modh díreach, modh na sraithe, modh na lánfhreagartha gníomhaí, an modh closlabhartha, an modh closamhairc, modh na ráite.
3. Moltar an Ghaeilge a úsáid mar theanga chumarsáide sa rang agus lasmuigh den rang freisin. Is féidir beannachtaí agus go leor gnásanna teangan a dhaingniú sa rang.
4. Cothaítear taitneamh a bhaint as úsáid na teangan i ngach gné den obair Ghaeilge.
5. Taitneamh a bhaint as rainn, dánta,amhrán rithimiúla, imeartas focal, rabhlóga, drámaí, tráth na gceist, agallamh beirte, agusrl.
6. A c(h)umas cumarsáide a fhorbairt trí cluichi teanga agus tascanna
7. Éisteacht go neamhfhoirmiúl agus brí a bhaint as caint nó as cómhrá nach bhfuil sé/sí páirteach ann

8. Éisteacht ghníomhach a fhorbairt trí thascannaagus trí éisteachta beirte agus i ngrúpaí.
9. Páirt a ghlacadh i gcómhrá faoi thopaicí a bhfuil spéis aige/aici féin iontu.
10. An Ghaeilge a úsáid i gcomhtéacsanna éagsúla chun caidrimh sósialta a dhéanamh
11. Téacsanna gairide pearsanta agus cruthaitheachta a scríobh sna hardranganna
11. a) Foghlaim trí Ghaeilge in ábhar eile an churaclaim.
12. Taitneamh a bhaint as tionscadail scríofa mar shampla 'Scríobh Leabhair'
13. Béim a chur ar gramadach Gaeilge i Rang a 5 agus a 6, nuair atá na páistí ag ullmhú don athrú mór agus iad ag dul go dtí an Meánscoil.

## *Ábhar agus Modheolaíocht*

Is trí na heiseamláirí a bheidh seans ag na páistí an ghaeilge a úsáid sa cheacht ghaeilge. Chuige sin tá eiseamláirí roghnaithe agus forbaithe tríd an scoil. (Féach ar an tábla, 'Feidhmeanna Teanga' sa phlean seo.)

## *Gaeilge Neamhfhoirmiúil*

Úsáidtear gaeilge neamhfhoirmiúil go rialta i rith an lae, ach go háirithe ag na hamanna seo: Am Rolla, am sos, teachtaireachtaí, am lóin, am dul abhaile. Spreagtar na daltaí úsáid a bhaint as na feidhmeanna teanga atá oiriúnach do a rang agus a léibhéil. (Féach ar liosta na feidhmeanna teanga atá in úsáid i Scoil Lios na bhFuinseann ar an mbileog thall.

Ó am go h-am bronntar duais beag (peann agus dearbhán) ag deireadh gach seachtain do na daltaí a dhéanann is mó iarracht an teanga a úsáid go meamhfhoirmiúil i rith na seachtaine.

## *Téamaí, Straitéisí agus Modhanna Múinte*

### Téamaí

Is iad seo na deich téamaí atá á múineadh againn sa curaclam:

| | |
|---|---|
| *Mé Féin* | *Siopadóireacht* |
| *Sa Bhaile* | *Caitheamh Aimsire* |
| *An Scoil* | *Éadaí* |
| *Bia* | *An Aimsir* |
| *An Teilifís* | *Ócáidí Speisialta* |

Múintear iad go léir gach bliain

### Straitéisí:

Is iad seo na straitéisí a úsáidtear inár scoil:

*Cluichí teanga/tascanna agus fadhbanna*

*Agallaimh mar ionchur d'imirt i rólanna/drámaíocht*
*Druileanna*
*Físeáin*
*Scéalaíocht*
*Filíocht: rainn, dánta agus amhráin, rabhlóga, tomhais, seanfhocail.*

Úsáidtear na straitéisí ar fad inár múinteoireacht

## Modhanna Múinte

Is iad na sé mhodh is suntaisí ar féidir úsáid a bhaint astu ná:

*An modh díreach*
*Modh na sraithe*
*Modh na lánfhreagartha gníomhaí*
*An modh closlabhartha*
*An modh closamhairc*
*Modh na ráite*

## *Comhtháthú na scileanna*

Is iad seo na ceithre sraithe sa churaclam:

*Éisteacht*
*Labhairt*
*Léitheoireacht*
*Scríbhneoireacht*

Tá siad comhtháithe chomh minic is is féidir.

## Tús na Léitheoireachta agus na Scríbhneoireachta

De réir an curaclam, cuirtear tús leis an scríbhneoireacht agus léitheoireacht I rang a dó, ach os rud é go bhfuil ilranganna i gceist sa rang seo, beidh taithí ag Rang a hAon sna scileanna seo.
Beidh Rang a hAon agus Rang a Dó ag obair le chéile go minic. Sa chás sin ní chuirtear béim ar rang a haon an scríbhneoireacht agus léitheoireacht a dhéanamh.

## *Éagsúlacht cumais*

Ta páistí ar éagsúlacht chumais inár rang, agus mar sin déanaimid pleanáil agus múinteoireacht cuí dóibh.
Ní thógtar amach páistí atá ag freastal ar múinteoir achmhainne/tacaíocht chun foghlama i rith an ábhar céanna gach lá.

## *Comhtháthú le hábhair eile*

Ta comhtháthú déanta, uaireanta, le hábhair eile, ach go háirithe  le Corpoideachas, Stair agus Ealaín, Glacaimid páirt i tionscadal 'Scríobh Leabhair ó am go h-am.

## *Achmhainní:*

Is é an scéim 'Abair Liom', ‘Maith Thú’ agus ‘Sin É’  atá in úsáid againn sa scoil Lios na bhFuinseann. Úsáidimid na leabhair, ceachtanna idirghníomhacha ar an idirlíon, na leabhair beaga, na cártaí seachtainiúl, na dlúthhcheirníní (le scéalta, cluichí, amhráin, rannta agus cleachtanna eisteachta) agus na postaeirí.
Úsáidimid achmhainni eile mar obair breise go speisialta sa léitheoireacht.
ICT: Úsáidimid an clár idirghníomhach agus ‘visualizers’ go forleathan i ranganna Gaeilge

## *Measúnú*

Déanaimid measúnú ar dul chun chinn ag na bpáistí trí na huirlisí measúnaithe seo:
*Dírbhreathnú an mhúinteora ar an bpáiste*
*Tascanna agus trialacha deartha ag an múinteoir*
*Bailiúchán d’obair agus de thioncsadail an pháiste*
*Aiseolas a bhfaigimid ó na Meánscoileanna*

**Labhairt:**
An bhfuil na páistí in ann na feidhmeanna teanga a bhaint amach ag a leibhéal féin i ngach rang?
An bhfuil feabhas tagtha ar líofacht an pháiste?
An bhfuil dearcadh dearfach i leith na Gaeilge ag na páistí?

## *Meastóireacht ar an bplean*

Déanfar meastóireacht agus athbhreithniú ar an bplean roimh deireadh gach bhliain.
Beidh an fhoireann ar fad i láthair
Féachfar conas atá ag éirí ar an bplean agus déanfar pé athrú is gá.

## *Cur I bhfeidhm an phlean*

Cuireadh tús leis an cur i bhfeidhm i Meán Fómhair 2003. Rinneamar athbhreithniú ar an polaisí i mí Deireadh Fómhair 2010, 2013 agus 2017.

**Signed: ______________________, Chairperson**, on behalf of the Board of Management, Lisnafunchin NS.

**Date:_______________**

**Date for Review ______________________**